| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>Tomhais - toilleadh<br>Uimhreas - codáin, deachúlacha, céatadáin<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | graf, treoghraf, líneghraf, débharrachairt, sonraí, méadaigh, laghdaigh, patrún, tarraing agus lipéadaigh aiseanna, cuir i gcomparáid, meán, acmhainn, lítear, millilítear, tagarmharcanna, coimeádán, meas, anailísigh, léirmhínigh, léirigh |
| **Áiseanna** | crúiscín tomhais, sorcóirí, buidéil, cupáin, grafpháipéar, pacáiste bogearraí graif |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Díríonn an múinteoir aird ar bhuidéil uisce na ndaltaí leis an ghníomhaíocht a thosú. Pléigh cruthanna agus méideanna difriúla na mbuidéal agus cé acu atá siad marcáilte le tomhais nó nach bhfuil. Thig le daltaí an méid uisce is féidir le gach cineál buidéil a stóráil, agus crúiscín tomhais agus sorcóirí a úsáid leis an toilleadh a thomhas. Thig leo an áit a mharcálfadh siad ar a mbuidéil dá n-aistreodh siad 330 ml d'uisce (nó a mhacasamhail) chuig a mbuidéil féin a mheas.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí an méid leachta a d'ól siad thar lá amháin agus an tionchar aige seo ar an méid a ólann siad thar sheachtain amháin a mheas. Ansin, tomhaiseann agus déanann na daltaí taifead ar an méid leachta a ólann siad le linn na seachtaine. Ansin, socraíonn siad ar an dóigh leis na sonraí seo a chur i láthair i bhfoirm ghraif.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cruthaíonn daltaí graif nó táblaí leis an méid leachta a d'ól siad a thaispeáint agus cuireann siad é seo i gcomparáid lena meastacháin. Léirmhíníonn agus déanann siad anailís ar a ngraif, sainaithníonn siad treochtaí agus baineann siad tátail agus fiosraíonn siad na fáthanna féideartha. Mar shampla, 'Cad chuige ar ól muid níos mó uisce Dé Máirt ná aon lá eile?'

### 4 Gníomhaíocht 4

Déanann na daltaí taighde ar an chiondáil mholta laethúil leachta ó shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte, agus cuireann siad a gcuid torthaí i gcomparáid leis na treoirlínte seo. Ansin, thig leo an t-eolas seo a roinnt le ranganna eile, nó le tuismitheoirí.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad leachta a thógann an coimeádán seo?<br>• Cá mhéad leachta níos mó a thógann coimeádán x ná coimeádán y?<br>• Cá mhéad millilítear de leacht d'ól tú inniu? Cad é seo ina lítir?<br>• Cén codán/deachúil/céatadán de do chiondáil leachta arbh uisce é?<br>• Cá mhéad lá a d'ól tú an chiondáil laethúil leachta?<br>• Cén lá a d'ól tú an chiondáil is mó/is lú leachta? | • Cad chuige ar ól muid níos mó/níos lú leachta Dé Céadaoin, do bharúil?<br>• Cad é a insíonn na sonraí duit?<br>• Cad é nach n-insíonn na sonraí duit?<br>• Cad iad na tátail a bhaineann tú as do ghraf?<br>• Dá ndéanfá an ghníomhaíocht seo arís le páistí i dtír eile, cad é a mbeifeá ag súil leis? |

## Difreáil

Is féidir an réimse de ghraif a shocrú le freastal ar riachtanais ar leith. Is féidir an tréimshe ama don fhiosrúchán a shocrú le freastal ar riachtanais na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.